Freagracht Chorparáideach



I 2008 thaisteal caoga saorálaí foirne de chuid BSL, as ar íoc siad féin, go Gána chun Bunscoileanna Teshie ar imeall Accra a athchóiriú. Sa phictiúr thuas tá Daragh Mulligan, duine den fhoireann ó BSL i Teshie.

Bhí an tionscadal, a fuair maoiniú ó ElectricAid, ciste ceartais shóisialta BSL, an-rathúil agus thug sé leictreachas, uisce agus sláintíocht do na scoileanna den chéad uair riamh. Freastalaíonn na scoileanna ar 4,500 dalta.

Le linn 2008 chabhraigh BSL le Mark Pollock ina iarracht taisteal thar 1,000 cileaméadar den Ardchlár Antartach i dteochtaí ar féidir leo titim chomh híseal le -50 céim Celsius agus é ag tarraingt carr sleamhnáin de 70 cileagram.. Ni haon éacht éasca é seo ar aon nós, ach ina theannta sin tá Mark, ó Ard Mhic Nasca, Co an Dúin, dall.

Inbhuanaithe

Faoi Chreat Straitéiseach 2020, tá BSL tiomanta do cheannaireacht i mbainistiú carbóin agus éifeachtúlacht fuinnimh. Éilíonn seo go mbímid eiseamláireach in éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht comhshaoil sa dóigh ina ndéanaimid ár ngníomhaíochtaí gnó inmheánacha. Chun béim a chur ar an tábhacht a bhaineann leis seo, chuir BSL Clár Inbhuanaithe i bhfeidhm a bhfuil freagracht ar Stiúrthóir Feidhmiúcháin Inbhuanaithe as.

Cairt Inbhuanaithe BSL
Bainfimid amach ár spriocanna ar na bealaí seo a leanas:

- Glacadh le sprioc de laghdú 30% ar astaíochtaí carbóin ónár ngníomhaíochtaí gnó inmheánacha faoi 2012, sa bhreis ar ár spriocanna d'fheidhmíocht sócmhainní Gréasáin agus Giniúna;
- Tiomantas a thabhairt do Cheannaireacht in Inbhuanaithe trí chomhpháirtíocht ag gach leibhéal san eagraíocht;
- Ár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú go híosmhéid infheidhmithe trí chosc ar thruailliú, laghdú dramhaíola agus úsáid éifeachtach fuinnimh, uisce agus acmhainní eile;
- Cleachtas is Fearr in Inbhuanaithe a ainmniú agus a scaipeadh ar fud BSL, lena n-áirítear ár n-oibríochtaí idirnáisiúnta;
- Cúrsaí inbhuanaithe a chomhtháthú inár ngníomhaíochtaí soláthair chomh maith lenár gcinntí infheistíochta agus caiteachais;
- Cinntiú go dtógfar gach Foirgnimh BSL nua go dtí na caighdeáin inbhuanaithe is fearr;
- Cumarsáid a dhéanamh go gníomhach agus go héifeachtach agus ag cinntiú go mbeidh baill foirne agus conraitheoirí páirteach in ainmniú agus forfheidhmiú feabhsúcháin feidhmíochta;
- Glacadh le struchtúir bhainistíochta, córais bhainistíochta agus spriocanna cuí;
- Measúnú a dhéanamh ar thionchar ár n-oibríochtaí ar bhith-ilchineálacht agus deiseanna feabhsúcháin a chur i bhfeidhm; agus
- Tuairisciú a dhéanamh go hoscailte agus ar bhealach infhíoraithe ar ár bhfeidhmíocht comhshaoil.

Is ina dhaoine atá láidreacht BSL; is féidir linn ceannaireacht náisiúnta a sholáthar trí oibriú le chéile, agus conas is féidir aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide – chun tairbhe do chách.

Athrú agus Cumarsáid
I dteannta na dtionscadal thuasluaite, thug an clár faoi phróiseas cuimsitheach athraithe agus cumarsáide. Is iad seo a leanas príomhghnéithe an phróisis seo:

- Plean ceannaireachta don Fhoireann Feidhmiúcháin chun go dtabharfar tiomantais shuntasacha agus feiceálacha mar fhoireann agus go haonair;
- Dul i ngleic leis an bpróiseas comhpháirtíochta chun cur chuige ó bhun aníos a spreagadh chun ceannaireacht ón mbarr a fhorlíonadh;
- Spreagadh a thabhairt do bhaill foirne iad féin a chur chun cinn le bheith ina "gCuraidh Inbhuaine" agus tabhairt faoi thionscnaimh áitiúla agus bheith mar shúile agus cluasa inbhuanaithe ar an talamh; agus
- Bainisteoirí Inbhuaine a bhunú i ngach Aonad Gnó / Líne Gnó chun an leanúnachas a sholáthar atá de dhíth chun inbhuaine a leabú san eagraíocht.

Comhshaol

- Lean fianaise eolaíochta d'athrú aeráide cúisithe ag daoine ar aghaidh ag carnadh leis, le himní mhéadaitheach ann go bhfuil an domhan ag sroicheadh pointe forbháis. I ndiaidh a leithéide de phointe, beartaítear athrú aeráide tapa, neamh-inchúlaithe agus díobhálach go domhanda. Lean an brú ar phríomhacmhainní comhshaoil eile – aer, uisce agus talamh – ag méadú leis chomh maith.

Cúl Green (www.culgreen.ie)
I mí Lúnasa sheolamar tionscnamh comhshaoil i bpáirt le CLG a raibh mar aidhm aige Páirc an Chrócaigh a dhéanamh neodrach ó thaobh carbóin de.

Tá 20,000 gealltanas déanta go nuige seo arb ionann iad agus sábháilteacht carbóin de os cionn 2,200 tonna. Bhuaigh an suíomh dhá ghradam ardcháileacha idirlín ó shin.

- Sa chomhthéacs seo, ghlac BSL páirt go gníomhach i ndíospóireachtaí ar an bpacáiste tograí Aeráid-Fuinnimh a d'eisigh an Coimisiún i mí Eanáir 2008. Ghlac Parlaimint agus Comhairle na hEorpa le leaganacha leasaithe de na tograí seo i mí na Nollag 2008.

- Is é an rud is mó a bhfuil tionchar aige ná an t-athbhreithniú bunúsach ar an Treoir um Thrádáil Astaíochtaí. Tá caidhp laghdaitheach ar fud an AE, ó bharr anuas, anois socruithe do 2013 in áit an chórais reatha de chaidhpeanna náisiúnta. Déanfaidh Rialtais liúntais astaíochtaí a chur ar ceant don earnáil chumhachta ón dáta céanna in áit iad a eisiúint saor in aisce. Glacadh chomh maith le Treoir tábhachtach ag leagan amach an chreata do cheadúnú láithreáin stórála CO_2 sa todhchaí agus cruthaíodh scéim chun fearais phíolótacha gabhála carbóin a pháirtmhaoiniú.

- Ghlac an BSL páirt chomh maith i ndíospóireachtaí trí Eurelectric ar thogra an Choimisiúin ar Threoir um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú (CRCT) a athbhreithniú agus a leathnú. Éileoidh seo laghdaithe breise in astaíochtaí ocsaídí sulfair agus nitrigine tar éis 2016 agus tá an cumas aige solúbthacht BSL a laghdú go dian maidir le spriocanna a chomhlíonadh d'fhearais ghiniúna atá ann cheana.

- D'astaigh Giniúint Cumhachta BSL 9.04 Mt CO_2 sa chéad bhliain de thréimhse 5 bliana Kiótó. Bhí an méid seo 0.26 Mt CO_2 níos airde na an líon d'astaíochtaí saora a fuarthas. Tá straitéis cheannacháin i bhfeidhm chun creidmheas astaíochtaí a fháil chun aon easnamh i liúntais dáilte a fhritháireamh.

- Bogadh ar aghaidh le forfheidhmiú an Chomhaontaithe leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar phlean náisiúnta d'astaíochtaí ocsaídí sulfair agus nitrigine (SOx and NOx) agus ábhar cáithníneach.

- Eagraíodh ceardlann idirnáisiúnta ar chaomhnú agus cosaint na n-eascann Atlantaigh go rathúil le rannpháirtíocht acadúil, rialtais agus ón tionscail leictreachais.

- Rinneadh dul chun cinn sa bhreis ar leathnú phunainn BSL de ghiniúint inathnuaite. Le linn 2008 mhéadaigh BSL a acmhainn ghiniúint gaoithe suiteáilte go 122 MW, le 70 MW breise á dtógáil. Tá pleananna ag BSL a phunann gaoithe a fhorbairt go 600MW faoi 2012, agus é lánchinnte go mbainfí an sprioc seo amach.

- Rinneadh deimhniú le caighdeáin chórais bhainistíochta ISO 14001 a chothabháil ag gach suíomh giniúna BSL agus iascaigh BSL. Rinneadh dul chun cinn sa bhreis i dtabhairt córas bainistíochta comhshaoil Ghréasáin BSL go dtí an caighdeán idirnáisiúnta seo.

- Cheana féin, tá 12% de laghdú ar ídiú fuinnimh bainte amach ar fud fhoirgnimh uile BSL ó bhí 2006 ann, mar thoradh ar chlár de thionscnaimh inmheánacha éifeachtúlachta fuinnimh, atá dírithe ar sprioc an Rialtais feabhas éifeachtúlachta fuinnimh de 33% a sheachadadh.

Láithreán Oibre

- Reáchtáladh an tríú suirbhé ar fud an Ghrúpa i measc na foirne chun a dtuairimí a fháil i 2008. Fuair suirbhé 2008 níos mó ná 3,000 freagairt, rud a bhí an-spreagúil. Meallann an suirbhé tuairimí na bhfostaithe i leith Cumarsáide, Caidreamh Comhpháirtíochta, Oiliúint agus Forbairt agus Sláinte agus Comhsaol. Cé go bhfuil treochtaí ag bogadh sa treo ceart, thug an suirbhé réimsí le feabhsú chun solais.

- Cuireadh torthaí shuirbhé feasachta ilchineálachta i measc 300 bainisteoir i mBSL i gcrích i 2008. I measc na dtorthaí fuarthas go measann 98% de fhreagróirí go bhfuil tairbhe ag baint le háit oibre ilchineálach. Is iad ilchineálacht maidir le scileanna, taithí, meon agus inspreagadh oibre na gnéithe ilchineálachta is mó a meastar a chuireann le láithreán oibre dearfach.

- Leanann cláir oiliúna agus forbartha ar aghaidh ag soláthar croí-scileanna, oiliúint theicniúil agus sábháilteachta éigeantach, forbairt phearsanta agus inniúlacht i réimsí atá ag teacht chun cinn san áireamh. Leanaimid ar aghaidh ag spreagadh forbairt phroifisiúnta leanúnach agus oibrímid le comhlactaí proifisiúnta creidiúnaithe, mar shampla Innealtóirí Éireann, le tacú leis seo. Mar shampla, chuir 20 ball foirne tús leis an gclár 'HR for Line Managers'. Is é seo ceann amháin den bheagán intí acmhainní daonna sa RA nó in Éirinn a bhfuil deimhniú bainte amach aige ón Institiúid Chairte um Pearsanra agus Forbairt (ICPF). Tugann seo an líon daoine a chríochnaigh an clár go níos mó ná 80.

- D'fhógair BSL clár scoláireachta le hInnealtóirí Éireann chun níos mó daltaí a threorú i dtreo clár ceimeanna Innealtóireachta Leictreachais thar na blianta beaga romhainn chun cuidiú le

Mar chuid dár n-urraíochtaí spóirt lean BSL ag tabhairt tacaíochta do chluichí idirnáisiúnta baile faoi 20 Rugby ag Buccaneers in Áth Luain agus leanaimid ar aghaidh mar phríomh-urraithe haca do chailíní agus do mhná in Éirinn.

ganntanas atá ag teacht chun cinn i líon na ndaoine atá ag cáiliú sa araíonacht seo a mhaolú.

- Seoladh clár oiliúna feidhmeannach nua le linn 2008. Is é an tionscnamh sonrach ná 10 n-uaire a chloig d'oiliúint a sholáthar thar an 'gcéad 100 lá' do dhaoine ceaptha i bpoist ardbhainistíochta. Le roinnt blianta anuas rinneadh líon suntasach d'fhostaithe a oiliúint chun oiliúint feidhmeannach a sheachadadh laistigh den chuideachta. Rinneadh staidéar chomh maith a rinne luacháil ar dhul chun cinn BSL i réimse oiliúint na bhfeidhmeannach.

- Ba í 2008 a críochnaíodh an clár oiliúna míchumais trí bliana. Bhí sé seo deartha chun socrú sé mhí a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas i mBSL. Ghlac 15 duine páirt sa chlár i mbliana, ag tabhairt an iomláin chuig os cionn 30 thar na trí bliana. Fuair cuid acu siúd fostaíocht bhuan ó shin.

- Ba i 2008 an chéad bhliain iomlán d'fhorfheidhmiú Straitéis Comhpháirtíochta BSL nuashonraithe a athbhreithníodh i 2007 agus a seoladh ag an gComhdháil Bhliantúil Náisiúnta Chomhpháirtíochta i Meán Fómhair 2007. Le linn 2008 bhí cuid mhór gníomhartha agus gníomhaíochtaí tacaíochta ar fud na gcúig réimse forbartha straitéise – Struchtúir Chomhpháirtíochta, Oiliúint Comhpháirtíochta, Cumarsáid, Ceisteanna Gnó agus Poiblíocht & Cur Chun Cinn. Tá na réimsí forbartha seo dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt Grúpaí Chomhpháirtíochta áitiúla agus naisc níos fearr a sholáthar leis an bhFóram Comhpháirtíochta/Leibhéal Grúpa, a leanann ar aghaidh ag feidhmiú go héifeachtach ag soláthar eiseamláir do Ghrúpaí Comhpháirtíochta áitiúla.

Pobal

- Foirmíonn ElectricAid agus ElectricAID Ireland comhpháirtíocht atá ag croílár fhreagairt shóisialta phobal BSL.

  Is carthanas don domhan atá ag forbairt é ElectricAid, treoraithe ag an bhfoireann, le beagnach 2,800 ball rannpháirtíochta. Le linn 2008 rinne siad 144 thionscadal forbartha ar leithligh a sheachadadh i 42 tír éagsúil, á maoiniú le méid iomlán de €1.2 milliún. (Ní áiríonn seo maoiniú thionscadal Teshie).

  Ba thionscadal tipiciúil ná cómhaoiniú, i gcomhar le Aidlink, de chlár micri-chreidmheasa imrothlaigh do mhicrifhiontar in Nyanza, An Chéinia. Chuir deontas de €10,000 síolchaipiteal ar fáil do níos mó ná 150 micrifhiontraithe, á dtógáil, lena dteaghlaigh, amach as bochtaineacht i dtreo féintuilleamaí.

- In Éirinn (Tuaisceart agus Deisceart) díríonn ESB ElectricAID Ireland ar dhá cheist shonracha – easpa dídine agus féinmharú. I 2008, tugadh maoiniú de €900,000 do 90 tionscadal ar leithligh. Ba shampla amháin dá leithéid an maoiniúchán a tugadh don Life Centre i gCorcaigh – ionad oideachais do dhaoine óga as a mbaile agus le trioblóidí. Sholáthraigh maoiniú tionscnaimh de €14,000 trealamh adhmadóireachta agus clár comhairleoireachta. Sholáthraigh an dara maoiniú de €15,000 costas na n-ábhar do thaispeántas taibhseach de shaorálaíochas ó 30 ball foirne BSL agus a gcairde, a phéinteáil taobh amuigh den Life Centre, a athchóirigh agus a phéinteáil 7 seomra ranga, agus a d'fheistigh seomra TF – i ndeireadh seachtaine amháin i Meán Fómhair!

- Leanann BSL ar aghaidh ag forbairt a thacair d'urraíochtaí corparáideacha. I 2008 d'fhoirmíomar comhpháirtíocht leis an bhFeis Cheoil agus beimid ag tabhairt urraíochta di seo go ceann 3 bliana. Leanaimid ar aghaidh ag tabhairt urraíochta do Chraobh Mionúr Iománaíochta agus Peile BSL, Haca BSL do Mhná & do Chailíní, cluiche Rugbaí idirnáisiúnta baile faoi 20 ESB International agus Féile Ceoil Cheiltigh ESB BEO.

- I mí Lúnasa sheol BSL, in éineacht le CLG, tionscnamh comhshaoil dírithe ar Pháirc an Chrócaigh a dhéanamh neodrach ó thaobh carbóin de. Spreagann an suíomh gréasáin Cúl Green (www.culgreen.ie) leantóirí chun gealltanais choigilteacha ar fhuinneamh a dhéanamh. Déanfar deontas de €20,000 a bhronnadh ar an gcontae a dhéanann an líon is mó gealltanais choigilteacha ar charbóin an duine agus rachaidh chun trealamh spóirt a mhaoiniú do chlubanna óige sa chontae. Go dtí seo tá níos mó ná 20,000 gealltanas déanta ar an suíomh, idir shoilse a mhúchadh nuair nach bhfuil siad á n-úsáid agus choire slisadhmaid a shuiteáil agus, go mórthaibhseach, cuireadh 11,000 gealltanas i gcrích. Go dtí seo is ionann seo agus coigilteas carbóin de níos mó na 2,200 tonna. Tá conradh fuinnimh inathnuaite déanta ag Páirc an Chrócaigh do leictreachas ag an staidiam.

  Bhuaigh an tionscadal Cúl Green dhá dhámhachtain chomh maith – dámhachtain i Reacht do Thionscadal TF na Bliana agus dámhachtain Ríomhsheirbhísí an Rialtais do Mhargaíocht.

Bhí BSL páirteach le Scoil Náisiúnta St Catherine McAuley (láimh le Ceannoifig BSL) chun clós na scoile a fheabhsú trí mhúrmhaisiú a phéinteáil ar an mballa. Ba é téama an mhúrmhaisithe ná fuinneamh glas/inbhuanaithe.

Le linn na bliana rinne BSL comhpháirtíocht leis an bhFeis Ceoil. Beidh an teideal-urraíocht ag BSL do na trí bliana seo chugainn. Taitníonn gné phobal-bhunaithe an chomórtais go láidir do BSL, mar is í rannpháirtíocht i bpobail áitiúla bunchuid dár ngníomhaíochtaí ar fud Éireann.

- Tá córas bainistíochta comhshaoil, a dhíríonn ar bhainistiú fuinnimh, dramhaíola agus uisce, á chur i bhfeidhm chomh maith i bPáirc an Chrócaigh. D'ainmnigh iniúchadh comhshaoil críochnúil a rinneadh i Meitheamh 2008 roinnt deiseanna feabhsúcháin i ngach ceann de na trí réimsí. Faoi Nollaig 2008 bhí athchúrsáil agus múiríniú tugtha isteach, bhí méadair uisce suiteáilte ar gach umar uisce sa Staidiam agus cuireadh isteach monatóiriú fuinnimh agus fomhéadrú.

  Tá sé beartaithe go laghdófar úsáid fuinnimh sa Staidiam de thuairim is 20% i 2009 i gcomparáid le 2008.

- Is bunaidhm Chlár Comhpháirtíochta Gnó Scoileanna de chuid Business in the Community (BITC) ná aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachais in Éirinn.

  Déantar é seo trí na láidreachtaí, buanna agus scileanna atá ag gnó agus a úsáidtear go laethúil a thabhairt isteach i saol daoine óga i scoileanna faoi leith ar fud na hÉireann. Tá níos mó ná 150 scoil meaitseáilte cheana agus tá 3 nasc scoile a reáchtáil ag BSL faoi láthair, leis an aidhm 5 cinn a bheith acu san iomlán faoi dheireadh 2009. Is iad na trí scoileanna ná Pobalscoil Rosmini, Baile Átha Cliath (mar pháirtí ag an Ionad Corparáideach), Scoil Chuimsitheach Tairbheart (mar pháirtí ag stáisiún Cumhachta Thairbheart) agus St. Johns De La Salle, Cluain Dolcáin, (mar pháirtí ag Flít agus Trealamh i dTamhlacht). Tá an nasc le Flít agus Trealamh uathúil de bharr do reáchtálann an Grúpa Comhpháirtíochta áitiúil é, a bhfuil an t-aon fhreagracht aige as an gcaidreamh leis an scoil a bhainistiú. Tá tionchar dearfach á bhaint amach ag gnó na hÉireann ar chuimsiú oideachais in Éirinn agus tá BSL ag cabhrú trínár dtacaíocht don chlár seo.

An Margadh

- Cuireann Soláthar Custaiméirí BSL cairt chustaiméara ar fáil ina bhfuil seacht n-eochairthiomantas ar fheidhmíocht sheirbhís custaiméirí. Le linn 2008 d'éirigh leis an ngnó 93% d'fhiosrúcháin/gearáin/aisíocaíochtaí a réiteach laistigh de 10 lá. Rinneadh 2,999 íocaíocht san iomlán faoinár gcairt chustaiméara le linn na bliana.

- Thit íocaíochtaí cairte Ghréasáin BSL arís le linn na bliana go 5030, laghdú de 40% ar an mbliain roimhe sin. Tá seo go fóill laistigh go maith den sprioc de 11,000 a leag an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh amach. Tháinig feabhas chomh maith ar rátálacha Sásaimh Chustaiméirí a tomhaiseadh go neamhspleách go 74% do 2008.

  Le linn 2008 lean Soláthar Custaiméirí ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do roinnt comhpháirtithe pobalbhunaithe agus á gcur chun cinn, lena n-áirítear iad seo leanas:

- Tacaíocht leanúnach, in éineacht le Macra na Feirme, do dheireadh seachtaine 'Know your neighbour'. Is é aidhm na hócáide seo ná tabhairt ar dhaoine sna pobail ar fud na tíre rud éigin a dhéanamh le haithne níos fearr a chur ar a gcomharsana.

- Warmer Home Plan Support chun cabhrú le teaghlaigh ar ioncam íseal agus na scoth-aosta bheith níos tíosaí ó thaobh fuinnimh de agus a gcostais fuinnimh a laghdú trí 40,000 dlúthlampa fluaraiseach comhtháite agus 4,000 seaicéad fálaithe a chur ar fáil trí Chomhpháirtithe Pobalbhunaithe, ag tacú le Plean Fhuinneamh Inmharthana Éireann do Thithe Níos Teo.

- Tacaíocht do Naomh Uinseann de Pól (SVP) : sholáthraíomar bolgáin solais atá tíosach ar fhuinnimh i Nollaig 2008 le haghaidh suiteála i dtithe chliaint SVP a raibh deacrachtaí acu a mbillí a íoc.

- Tacaíocht do Age Action – Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh agus Comórtas Grianghrafadóireachta Aosaithe Dhearfaigh; agus

- Tacaíocht do Reachout – thugamar tacaíocht d'fhorbairt shuíomh gréasáin Reachout (www.reachout.ie).

Spraoi ag leanaí ag seoladh Tionscnamh Fuinnimh Ghlas na Scoileanna ag Fuinneamh Neamhspleách BSL (ESBIe)

Sláinte agus Sábháilteacht

- Chomhlíon BSL a sprioc maidir leis an líon díobhálacha caillteanais ama bhaill foirne (gortaithe lena raibh níos mó ná lá amháin as láthair ón obair i gceist) a laghdú go 47 i gcomparáid le 50 i 2007 mar pháirt dár sprioc áit oibre saor ó ghortú a bhaint amach. Is í an sprioc do 2009 ná gortuithe bhaill foirne a laghdú go 43 nó níos lú. Ina theannta sin taifeadadh 34 díobháil caillteanais ama chonraitheoirí i gcomparáid le sprioc de 36 nó níos lú. Is é an aidhm do 2009 ná gortuithe conraitheoirí a laghdú go 30 nó níos lú.

- Bhí éifeacht eile ag an laghdú ar an líon gortaithe – laghdaigh sé na deiseanna chun rioscaí gan choinne a aimsiú agus aghaidh a thabhairt orthu. Chun an treocht seo a chúlú cuireadh clár i bhfeidhm chun tuairisciú agus fiosrúchán ar 'neastimpistí' a spreagadh. Tuairisciú 2,485 neastimpiste le linn 2008 ag cur deis luachmhar ar fáil chun rioscaí a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu sular chúisigh siad gortuithe.

- Rinneadh dul chun cinn sa bhreis ar fhorfheidhmiú chaighdeán an chórais bhainistíochta sábháilteachta OHSAS 18001 ar fud na heagraíochta i 2008. Tá 22 de 44 príomhréimse bainistíochta BSL deimhnithe anois go dtí an caighdeán seo, lena n-áirítear gach gníomhaíocht Giniúna Cumhachta BSL. Tá sé beartaithe 6 láithreán eile a dheimhniú i 2009.

- Is fachtóir riosca suntasach i gcónaí iad cúrsaí Iompair. Leanann an clár "Safe Driving" ar aghaidh agus tá raon de thionscnaimh bhreise faoi shiúl. Déanann siad seo iarracht iompraíocht tiománaithe a fheabhsú agus ródacmhainneacht feithiclí a chinntiú. Tugadh isteach riachtanais nua treoraithe agus oiliúna oibríochta maidir le hobair ar bhóthar. Mar sin féin, is oth linn a nótáil go bhfuair ceathrar bás i dtimpistí tráchta lenar bhain feithiclí de chuid BSL i 2008.

- Le linn 2008, lean cláir agus tionscnaimh ar aghaidh a bhí dírithe ar Shláinte agus Leas bhaill foirne a fheabhsú, lena n-áirítear seimineáir feasachta shláinte agus mór-Chomhdháil ar Shláinte agus Leas. Chomhoibrigh ceaintíní BSL i gcur chun cinn aiste shláintiúil bia trí roghanna sláintiúla bia a sholáthar agus aird a tharraingt orthu.

- Seoladh clár píolótach "Healthy Minds". Tá sé mar aidhm ag cur i láthair speisialta cabhrú le baill foirne strus meabhrach ginearálta ag baint leis an obair a aithint agus a bhainistiú. Déanfar an clár seo a rolladh amach chun 60% den fhoireann a chlúdach i 2009. Ina theannta sin thug an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta urraíocht do thionscnamh "Work Positive", a chuirfear i bhfeidhm i 14 láithreán i 2009 tar éis tréimhse phíolótach i 2008. Cabhraíonn an tionscnamh seo lena chinntiú go ndéantar strus meabhrach a bhainistiú go hoiriúnach san áit oibre.

Tuairisc ar fhorfheidhmiú fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) ag BSL

De féir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) fuair BSL fógra i Meán Fómhair 2007 ón Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta lena chéad Scéim a ullmhú (plean trí bliana ag mionsonrú na ngníomhartha atá le déanamh chun infhaighteacht na seirbhísí do chustaiméirí i nGaeilge a fheabhsú).

Bhí BSL ag comhlíonadh a dhualgais faoin Acht cheana maidir le ceannscríbhinní stáiseanóireachta, fógraí béil taifeadta, Comharthaí agus foilsiú cáipéisí oifigiúla go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. Tuarascálacha Bliantúla).

Ceapadh Ceannaire Tionscadail le linn 2007 chun comhordú a dhéanamh ar ullmhú na Scéime, le tacú ó Bhord Tionscadail le Rúnaí na Cuideachta mar cheannaire air.

Tar éis próiseas comhairleoireachta seachtrach agus inmheánach, cuireadh an Scéim faoi bhráid an Aire i Márta 2008 agus d'fhaomh sé é, agus sheol Príomhfheidhmeannach BSL é go hoifigiúil do bhaill foirne agus don phobal.

Clúdaíonn an Scéim na seirbhísí a sholáthraíonn Soláthar Custaiméirí BSL agus Gréasáin BSL agus áiríonn sé an tréimhse idir Márta 2008 go Márta 2011.

Is iad seo leanas príomhghnéithe na Scéime a críochnaíodh le linn 2008:

Tiomantais	Gníomh
Feasacht a mhéadú go réamhghníomhach i measc na gcustaiméirí maidir le infhaighteacht Bhillí i nGaeilge	Leanaimid ar aghaidh ag cur fógraí sna meáin Ghaeilge agus ag poibliú na seirbhíse seo ar bhillí a eisítear.
Cumarsáid na Meán	Craoltar ár bhfógraí agus ár gcumarsáidí uile i nGaeilge agus i mBéarla araon.
Soláthar gach ábhar poiblíochta i bhformáid dhátheangach	Soláthraímid gach cineál ábhair poiblíochta scríofa (bróisiúir, foirmeacha iarratais, gnáthlitreacha, fógraí, ar línte ar ríomhphoist, srl) i nGaeilge agus i mBéarla araon. Úsáidtear formáidí dátheangacha nuair is cuí.
Soláthar Seirbhíse i nGaeilge do chustaiméirí ónár nIonad Náisiúnta Teagmhála Custaiméara (INTC).	Leanaimid ar aghaidh ag oiliúint bhaill foirne an INTC chun a chinntiú go bhfuil líon dóthanach ar fáil ag gach am chun seirbhís a sholáthar i nGaeilge.
Bainistiú teagmhálacha le custaiméirí taobh amuigh den INTC	Déanaimid nuashonrú leanúnach ar chórais uathoibríocha lena chinntiú go n-eisítear gach cumarsáid i nGaeilge agus i mBéarla araon. Tá an próiseas seo á thabhairt isteach go céimneach thar thréimhse na Scéime.
A chinntiú go bhfuil cáipéis ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon	Tá painéal de chuideachtaí aistriúcháin curtha i bhfeidhm chun tacaíocht a sholáthar sa réimse seo.
Oiliúint / Méadú Cumais na Foirne	Spreagaimid baill foirne dul i ngleic leis an nGaeilge trí ócáidí sóisialta rialta a eagrú taobh amuigh d'uaireanta oibre. Soláthraímid tacaíocht le haghaidh freastail ar ranganna Gaeilge trí Chláir Forbartha Gairmiúla na foirne. Ar ár suíomh gréasán inmheánach (intraweb) soláthraímid acmhainní agus deiseanna foghlama don fhoireann. Foilsímid ailt i nGaeilge san iris foirne "Electric Mail". Bíonn an Ghaeilge níos feiceálaí sa láthair oibre.
Monatóiriú ar Fhorfheidhmiú na Scéime	Le linn na bliana chuireamar ceisteanna maidir le leibhéil sástachta le seirbhísí Gaeilge mar pháirt dár suirbhéanna sástachta custaiméara. Léiríonn na torthaí ráta sástachta 75% leis na seirbhísí reatha. Tá ról ag Ceannaire an Tionscadail ag obair go dlúth leis na hIonaid Ghnó chun cabhair agus tacaíocht a thabhairt dóibh i bhforfheidhmiú na Scéime.